

## Páirceanna salacha

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhruscar i bpáirceanna i nGaillimh. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh féin agus an duine in aice leat na páirceanna atá sna ceantair a bhfuil sibh féin in bhur gcónaí iontu.



**Ceist 2** Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. agóid \_\_\_\_\_
2. maor páirce \_\_\_\_\_
3. chun dul i ngleic le \_\_\_\_\_
4. géarghá \_\_\_\_\_
5. leas \_\_\_\_\_
6. dumpáil mhídhleathach \_\_\_\_\_
7. loitiméireacht \_\_\_\_\_
8. todhchaí \_\_\_\_\_
9. oibrithe deonacha \_\_\_\_\_
10. acmhainní \_\_\_\_\_
11. bainistiú foirne \_\_\_\_\_

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

**Ceist 3** Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cá raibh an agóid ar siúl agus cén fáth a raibh sí ar siúl?
2. Cén t-ainm atá ar na páirceanna atá i gceist?
3. Cén fáth a bhfuil na páirceanna lofa?
4. Cad a bhí sa ráiteas ón gComhairle?

**Ceist 4** ‘...san iarthar...’ agus ‘...amuigh...’

Líon na bearnaí sa bhosca. Tá an chéad cheann déanta duit.

an t-iarthar	ag dul siar	thiar	ag teacht aniar
an t-oirthear			
an tuaisceart			
an deisceart			

Líon na bearnaí sa bhosca seo anois. Tá an chéad cheann déanta duit.

ag dul síos	thíos	ag teacht aníos
an dul suas		
an dul amach		
an dul isteach		

**Ceist 5** ‘...san Iarthar...’

Is é an tuiséal tabharthach atá i gceist leis an sampla thuas. Éist go cruinn leis an mír arís agus breac síos gach sampla den tuiséal tabharthach uatha, leis an alt, a chloiseann tú inti.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a gcaitheann daoine bruscar in áiteanna poiblí, dar leat?
2. I bPáras, gearrtar pionós €75 ar dhuine a chaitheann bun toitín ar an tsráid. Cad a cheapann tú faoi sin?
3. Smaoinigh ar an gcás sa mhír. Cé acu is fearr chun fadhb an bhruscair a réiteach – maor páirce a fhostú nó oideachas níos fearr a chur ar dhaoine? Cén fáth?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

### Ceist 2

1. agóid	<i>protest</i>
2. maor páirce	<i>park ranger</i>
3. chun dul i ngleic le	<i>to deal with, tackle</i>
4. géarghá	<i>urgent need</i>
5. leas	<i>benefit</i>
6. dumpáil mhídhleathach	<i>illegal dumping</i>
7. loitiméireacht	<i>vandalism</i>
8. todhchaí	<i>future</i>
9. oibrithe deonacha	<i>volunteers</i>
10. acmhainní	<i>resources</i>
11. bainistiú foirne	<i>staff management</i>

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

an t-iarthar	ag dul siar	thiar	ag teacht aniar
an t-oirthear	ag dul soir	thoir	ag teacht anoir
an tuaisceart	ag dul ó thuaidh	ó thuaidh / thuaidh	ag teacht aduaidh
an deisceart	ag dul ó dheas	ó dheas / theas	ag teacht aneas

ag dul síos	thíos	ag teacht aníos
an dul suas	thuas	ag teacht anuas
an dul amach	amuigh	ag teacht amach
an dul isteach	istigh	ag teacht isteach

### Ceist 5

Baineann na samplaí thíos, a bhí le cloisteáil sa mhír, leis an tuiséal tabharthach – an córas lárnach, seachas ‘sa bplean’. \*Ceadáítear sa + urú sa Chaighdeán Oifigiúil anois freisin.

- san iarthar
- ar an gComhairle (x 3)
- sa chathair (x 2)
- ón gComhairle (x 3)
- as an bpáirc
- leis an dumpáil
- ón mbardas
- don chriú
- ar an bpáirc
- sa bplean\*

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Eibhlín Ní Choistealbha**

San Iarthar, thug grúpa beag faoi agóid taobh amuigh de Halla na Cathrach, i gCathair na Gaillimhe tráthnóna, ag iarraidh ar an gComhairle Cathrach maor páirce a fhostú chun dul i ngleic le dumpáil i bpáirceanna na cathrach. Tá fadhb mhór dumpála sa chathair agus géarghá le tuilleadh bainistithe ón gComhairle, a deir an lucht agóide<sup>1</sup>.

### **Sinéad Ní Neachtain**

Tá Páirc Thír Oileáin i gCoillín Chathair na Gaillimhe, áit a bhfuil cineálacha éagsúla d'ainmhithe ag cur fúthu ann, idir éanacha agus phlandaí. Baineann muintir na háite agus scoileanna<sup>2</sup> áitiúla leas as an bpáirc le dul ag siúl inti. Ach, de bharr dumpáil mhídhleathach tá an áit lofa le bruscar agus scriosta ag loitiméirí. Tá an rud céanna ag tarlú i gCoillte Mhuirlinne, áit a bhfuil Cairde Choill Mhuirlinne seasta ag iarraidh ar an gComhairle cabhrú leo, stop a chur leis an dumpáil agus an loitiméireacht.

Le teann frustrachais, shocraigh daoine, a bhfuil inní orthu faoi thodhchaí spás taitneamhachta na cathrach, agóid a eagrú díreach roimh chruinniú míosúil na Comhairle Cathrach inniu, ag iarraidh ar an gComhairle maor páirce a fhostú le dul i ngleic leis na fadhbanna i bpáirceanna na cathrach.

### **Joe McGinley, Gaillimh**

Tá páirceanna áille againn in Merlin Woods agus i bPáirc Thír Oileáin. Ach, tá fadhb ann le bruscar, an méid bruscair a bhíonn ann, agus, déanann *volunteers* méid áirithe oibre ann chun é a ghlanadh suas ach teastaíonn duine ón gComhairle Cathrach, ón mbardas, chun...teastaíonn maor páirce a bheith ann.

### **An Comhairleoir Mairéad Farrell, Sinn Féin**

Bhuel, sílim, an rud is féidir linn a dhéanamh ná cineál, na hacmhainní cuí a chur isteach sna páirceanna seo. So, sílim go gcaithfidimid amanna áirithe a chur i leataobh<sup>3</sup> don chriú ionas gur féidir leo slacht a choinneáil ar na páirceanna anseo sa chathair. Bhíodh sé sin á dhéanamh, bhíodh scéim éigin ann thart ar bhliain go leith ó shin. Agus, sílim gur oibrigh sé sin. So, teastaíonn na hacmhainní cuí ann uainn chun slacht a choinneáil ar an bpáirc.

### **Sinéad Ní Neachtain**

I ráiteas ón gComhairle, deir siad go bhfuil máistirphlean acu do 2019, leis na riachtanais ó thaobh bainistiú foirne a mheas agus go bhfuil Coill Mhuirlinne agus Tír Oileáin sa bplean seo.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4 i nGaillimh.

---

<sup>1</sup> agóidíochta a dúradh

<sup>2</sup> scoiltreachaí a dúradh

<sup>3</sup> i leith a dúradh